


Cairt Mhórchathair na Gaillimhe

um

Uirbeachas Inbhuanaithe



Deireadh Fómhair 2023



THE ACADEMY
OF URBANISM



Comhfhís do Chathair faoi Bhláth

Is toradh í an Chairt seo ar dhíospóireacht agus machnamh fada atá déanta ag buíon do mhuintir na Gaillimhe, ag obair i gcomhar le daoine eile a bhfuil ceangal acu leis an áit agus eolas acu ar an gCathair agus an ceantar máguaird. Tógann sí freisin ar thaithí saineolaithe, daoine go bhfuil taithí acu ar an deathionchar ar chaighdeán saoil a bhíonn ag tógáil agus forbairt in áiteanna áirithe trasna na hEorpa.

Tá an chathair anois ag crosbhóthar, áit ina bhfuil éilimh reatha glúin na linne seo agus dúshlání pleanála na nglúinte atá le teacht ar aghaidh a chéile amach. Caithfear an comhmheá sin a aimsiú agus caighdeán saoil agus tionchar ar chúrsaí comhshaoil a thabhairt san áireamh chomh maith.

Tá ceithre aidhm ag an gCairt seo:

1. **Croífhealsúnacht agus fíis don todhchaí** a leagan amach chun todhchaí na Gaillimhe a threorú, ag tarraingt ar an gcarachtar agus ar na saintréithe atá ag an gcathair í féin chomh maith le ceachtanna praiticiúla ó áiteanna eile.
2. **Comhrá leanúnach a spreagadh** maidir leis an úsáid is fearr a bhaint as talamh, foirgnimh agus modhanna iompair laistigh den chomhthéacs náisiúnta, réigiúnach agus domhanda atá ag athrú de shíor.
3. Aird a tharraingt ar an **'gCairt um Uirbeachas Inbhuanaithe'** dóibh siúd gur suim leo é **ar fud na hÉireann agus níos faide i gcéin** ag tarraingt ar chur chuige agus ar thraidisiúin Chairt na hAithne, Chairteacha na Comhairle Idirnáisiúnta um Shéadchomharthaí agus um Shuíomhanna agus Chairt AaU Freiburg.
4. **Spríoc agus fíis** a chur ar fáil **don 'uirbeachas inbhuanaithe'** ar féidir le h-uirbeoirí gairmiúla, polaitiúla agus sibhialtacha eile tacú leis.

Mar sin is ráiteas físe í an Chairt seo, gealltanas do na prionsabail a threoróidh na cinní atá le déanamh maidir le forbairt na Cathrach as seo go ceann 50 bliain. Tá sé mar aidhm aige Gaillimh a chur chun cinn mar eiseamláir den déantús cathracha, áit dhúchais iontach a chur ar fáil do phobal na Gaillimhe an lae inniu agus dóibh siúd atá le teacht, chomh maith ar leas an réigiúin níos leithne.

De réir mar a leanann aistear claochlaithe seo na cathrach ar aghaidh, tugaimid cuireadh do gach geallsealbhóir – idir baill tofa, cónaitheoirí, gnólachtaí, eagraíochtaí agus institiúidí araon – páirt a ghlacadh i scríobh an chéad chaibidil eile is scéal na Gaillimhe; ceann a sheasfaidh mar theist ar fhíis, ar athléimneacht agus ar chumas gan traochadh mhuintir na Gaillimhe.

Tugtar cuireadh duit do thacaíocht a thabhairt don Chairt seo, dá cuid Prionsabal agus dá cuid Moltáí.

Cuid A Cairt na Gaillimhe - Fréamhphrionsabail

Tá ceithre Fréamhphrionsabal mar thaca ag Cairt Mhórcheantar na Gaillimhe a bheidh mar áis threoraithe don Ghaillimh a threisiú mar Chathair agus mar Áit. Siad sin:

1. **Inbhuanaitheach:** ag féachaint go fadtéarmach, do na glúinte atá le teacht, agus aird ar leith á thabhairt ar na sócmhainní fisiceacha, comhshaoil agus cultúrtha, i gcomhthéacs áitiúil, náisiúnta agus domhanda.
2. **Cuimsitheach:** gach pobail agus aoisghrúpa den daonra inniu agus sa todhchaí a thabhairt san áireamh mar áitritheoirí 'inmheánacha', ach chomh le sin mar comaitéirí agus úsáideoirí seirbhíse, cuairteoirí agus infheisteoirí 'seachtracha' sa chiall is leithne.
3. **Rathúnas:** ag tacú le leas fadtéarmach sóisialta agus eacnamaíoch Chathair na Gaillimhe, chomh maith le mórtas áite a thacóidh le rathúnas folláine.
4. **Bródúil:** ag tacú le féiniúlacht agus oidhreacht na Gaillimhe mar chathair dhátheangach idirnáisiúnta, ar imeall an Atlantaigh, ag tarraingt le fada ó thobar na Gaeltachta agus iliomad ghnéithe eile de chultúr na hÉireann.

Insíonn agus sreabhann an ceithre Phrionsabal seo trí gach ceann de na moltaí atá leagtha amach faoi théamaí in auguisín B de Chairt na Gaillimhe.

Cuid B Cairt na Gaillimhe - Moltaí

Moladh 1 **Dlús agus 'Fás Cliste'**

Creidimid gur cheart go leanfaidh Gaillimh múnla comhdhlúite; ag tógáil ar an dlús reatha agus gníomh reatha ag seachaint fás neamhriachtanach sna ceantair tuaithe máguaird agus an drochthionchar sóisialta, eacnamúil agus carbóin a bhíonn ag forbairtí dá leithéad.

Tá sé mar aidhm againn cathair a thógáil a bheidh in ann freastal ar dhaonra suas le 250,000 sa caoga bliain amach romhainn. Molaimid go láidir go dtarlódh an chuid is mó den fhás seo laistigh de **'Iorg' Chathair na Gaillimhe na bliana 2020**, laistigh de imlíne molta do chuarbhóthar na Gaillimhe. Chuige seo, ní mór an leas is fearr a bhaint as ár n-acmhainn talún sa chathair mar atá agus forbairt a dhíriú ar suíomhanna nua atá buailte ar Iorg na cathrach mar atá.

Moladh 2 **Comharsanachtaí Inchónaithe**

Chomh maith le lár na cathrach féin, is fiú an tógáil a dhíriú ar cheantair 'inchónaithe' le rochtain éasca acu ar áiseanna agus ar sheirbhísí áitiúla. Ba cheart go n-éascódh a leithéid 'cathair na n-achar gairid' soláthar na gnáth-sheirbhísí riachtanacha agus go mbeadh roinnt fostaíochta ar fáil le rochtain éasca de shiúl na gcos nó ar rothar.

Molaimid go lonnófaí seirbhísí poiblí nua – ar nós scoileanna, ionaid príomh-chúram sláinte, leabharlanna agus áiseanna údarais áitiúla – taobh le h-infheistíocht phríobháideach na tráchtála agus na siopadóireachta, chun bailte beaga so-aitheanta agus áitiúil a fhorbairt..

Moladh 3 **Croí Beo Bríomhar**

Molaimid gur cheart go mbeadh croílár Chathair na Gaillimhe ina h-áit ar leith; éagsúil, bríomhar agus go bhfuil cónaí ar dhaoine ann. Áit shábháilte, bhríomhar ar cheart a bheith inti ina bhfuil daoine, idir dhaoine aonaracha agus teaghlaigh ina gcónaí béal dorais le siopaí, gnó tráchtála agus go bhfuil go leor ag tarlú ag leibhéal na sráide.

Molaimid go mór lár stairiúil reatha na cathrach a chaomhnú agus a chomhdhlúthú trí cheantair dírithe ar choisithe a thógáil a bheidh ag feidhmiú mar lárionad tráchtála, cultúrtha agus sóisialta don réigiúin ina iomláine. Dhéanfaí forbairtí nua a fhorbairt go h-íogaireach lena chinntiú go gcuireann siad le lár na cathrach.

Molaimid ceantar Bhóthar Áth Cinn / Bóthar Thuama a athfhorbairt agus a cheangal le lár na cathrach, leis an ollscoil, abhainn na cathrach, na duganna agus an ceantar uirbeach ag síneadh amach chuici.

Tacaímid le (1) le h-athlonnú agus le leathnú an Chalafoirt ionas gur féidir athfhorbairt a dhéanamh ar áiseanna an chuain laistigh don áineas, do thithíocht agus mar bhunáit do ghníomhaíocht mhuirí agus don tráchtáil a bhaineann leis an bhfuinneamh in-athnuaite; agus (2) le teagasc, taighde agus tithíocht nua na mac léinn á neadú go tuiscineach ag an dá ollscoil i gcroílár na cathrach.

Moladh 4 **Rochtain agus Iompar Inbhuanaithe**

Ionas rochtain ar an gcathair stairiúil a choinneáil, lena n-áirítear an lár agus a bhfuil ag tarlú ann, molaimid infheistíocht a dhéanamh in iompar poiblí agus a h-úsáid agus an brú tráchtá agus líon na dturasanna cairr a laghdú sa chur chuige sin.

Tacaímid leis an infheistíocht i mbonneagar an iompair atá riachtanach chun trácht feithicle príobháideach a bhaint go leanúnach ó lár na cathrach, lena n-áirítear líonra comhtháite iompair phoiblí ina bhfuil an chuid is mó de na háitribh laistigh de dhá chéad méadar ó sheirbhís mhinic iontaofa.

Tacaímid le bealaí iompair leithscartha a fhorbairt a cheanglaíonn na bruachbailte agus lár na cathrach le hAbhann na Gaillimhe agus a cuid chanálacha agus an cósta. Laghdóidh a leithéid an spleáchas ar charranna agus cuideoidh sé leis an aistriú go cathair atá neodrach ó thaobh carbóin de.

Moladh 5 **Raon Lóistín Inacmhainne**

Molaimid úsáid a bhaint as cur chuige chruthaitheach chun cathair chothrom agus fheidhmiúil a chinntiú, ina bhfuil teacht ar thithíocht agus lóistín ar phraghas nó ar chíos inacmhainne. Baineann an cur chuige seo, ní hamháin le tithíocht, leis an miondíol agus le gnó, ach le spás do chultúir agus pobail chomh maith.

Molaimid raon leathan tithíochta agus tionachtaí ionas go neartófar pobail seanbhunaithe agus go gcuirfear bonn faoi bhunú na lárionaid nua fo-uirbeacha. Ba cheart go gcuimseoidh a leithéid meascán d'arasáin meán dlúis agus tithíocht ar airde níos ísle ar shuímh inlíonta/athfhorbartha agus úrfhorbartha ina bhfuil soláthar inacmhainne san áireamh ann.

Moladh 6 **Dearadh agus Comhforbairt Áite a Láidriú**

Táimid ag iarraidh caighdeán i bhfad níos airde i ndearadh foirgnimh, spásanna agus an bhonneagair chun tacú le féiniúlacht agus ómós áite na Gaillimhe a threisiú. Tá gá leis, aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus ar ár riachtanas fuinnimh, chun muinín a chothú ar bhonn leanúnach inár gcathair chruthaitheach agus i measc phobail na cathrach agus pobail eile nach iad.

Molaimid na caighdeáin is airde deartha agus tógála a bheith mar sprioc leanúnach i ngach réimse den obair thógála, ag dul i muinín athúsáid oiriúnach agus tógáil nua araon. Tá gá leis, le h-athbhreithniú leanúnach ar phróséis dearadh: cur chuige tríthoiseach maidir le foirm na cathrach a phleanáil agus a mhúnlú, agus straitéis deartha do spásanna poiblí atá mealltach agus oscailte, inmharthana agus sábháilte ag tacú leis an aistriú i dtreo úsáid carbóin a ísliú.

Moladh 7 **Raon Fairsing Seirbhísí**

Molaimid raon na seirbhísí do dhaonra na Gaillimhe a chaomhnú agus a leathnú chomh mór agus is féidir, ní amháin i gcroílár na cathrach ach sna ceantracha ar fad, seirbhísí a bheidh ag freastal ar dhaonra na háite, an réigiúin agus, i gcásanna áirithe, na tíre.

Tacaímid le tionscnaimh agus infheistíocht ó na h-earnálacha poiblí, príobháideach agus deonach chun seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil go háirithe seirbhísí sláinte, oideachais, chúram leanaí agus áineas. Síneann an mian seo amach ó chroísheirbhísí ar nós miondíol, sláinte, bia go turasóireacht agus cultúr, eolaíocht agus teicneolaíocht, seirbhísí maoine agus airgeadais, go cuairteoirí agus úsáideoirí fánacha na cathrach chomh maith le muintir na háite.

Moladh 8 **Cathair Oscailte Shóisialta**

Creidimid go mbraitheann todhchaí Mhórcheantar na Gaillimhe ar scileanna, cultúr agus comhoibriú mhuintir na cathrach, beag beann ar cúlra, aois, cumas nó cúlra eitneach. Tá sé beartaithe againn an imeascú sóisialta a thógáil ar mórtas áite agus staire agus comhrá oscailte ina bhfuil gach duine san áireamh agus páirteach ann.

Molaimid múnlaí a úsáid a chuireann rannpháirtíocht an pobail chun cinn, a chumasaíonn idirphlé leanúnach, a chuireann imeachtaí agus taithí chomhroinnte ar fáil, agus a spreagann sa chathair nasctha seo meoin láidir na fáilte.

Moladh 9 **Príomhchathair Chultúr na Cruthaitheachta**

Molaimid tógáil ar acmhainní cruthaitheach, cultúrtha na Cathrach, agus cáil na Gaillimhe mar áit fuinniúil éagsúil agus cruthaitheach.

Chun an ról aici mar 'Chathair Chruthaitheach' cheannródaíoch a dhaingniú sa todhchaí, molaimid tuilleadh ionaid, imeachtaí agus gníomhaíochtaí, roinnt tionscadail suaitheanta ina measc. Molaimid freisin breis spáis agus tacaíochta a chur ar fáil do léiriú cruthaitheach thar raon éagsúil stiúideonna, ionaid agus meáin.

Moladh 10 **Ag Tacú le Geilleagar Forásach Athnuachana**

Creidimid go gcaithfidh Gaillimh an geilleagar a athnuachan gach 10 go 20 bliain, an athnuachan sin á spreagadh ag talann, forbairt eacnamúil agus infrastructúr as an nua. Ní mór don earnáil phoiblí oibríú i gcomhar leis an earnáil phríobháideach chun páirt a ghlacadh i bhforbairt an geilleagair dhigiteach eolasbhunaithe a meallfaidh infheistíocht agus a spreagfaidh an fhiontraíocht dhúchasach.

Ní mór díriú faoi láthair ar nuálaíocht agus teicneolaíocht, oideachas agus scileanna, cultúr agus ealaíon, sláinte agus seirbhísí, ainneoin go dtiocfaidh athrú orthu seo le h-imeacht ama. Beidh ról tábhachtach ag an gcathair agus a bhfuil inti tacú le comhlachtaí a choiméad agus a mhealladh, comhlachtaí nua, comhlachtaí óga agus na h-oibrithe a bheidh ag teastáil ó na h-earnálacha seo chomh maith le turasóirí agus micléinn idirnáisiúnta.

Moladh 11 **Bonneagar Níos Glaise**

Molaimid go ndéanfaí forbairt leanúnach ar líonra uile-chathrach an bhonneagar 'gorm agus glas' a cruthaíonn nasc idir mhuintir na háite leis an nádúr ag cur áiseanna agus féiniúlacht na háite ar fáil, ag cur leis an mbithéagsúlacht, agus ag tacú leis an bhfolláine agus caitheamh aimsire agus buansheasmhacht na h-aeráide a threisiú.

Molaimid líonraí láidre nua a nascann stór na bithéagsúlachta glasa agus ghorma, chun raon níos fairsinge na bpáirceanna agus na spásanna taitneamhachta / súgartha a thógáil a thacaíonn le méadú raon an fhlóra agus an fhána ar fud na cathrach.

Molaimid freisin beartais polasaí agus dearadh a bheidh ag cur le bithéagsúlacht na cathrach i ngach forbairt, nua agus iarfheistithe.

Moladh 12 **Seachadadh Comhordaithe**

Tá sé mar aidhm againn Fís na Cairte do Mhórchéantar na Gaillimhe 2070 a scaipeadh ar an lucht féachana is leithne agus cur le acmhainn co-oibriú na cathrach ar mhaithe leis an sprioc is uailmhianaí don gcathair agus an cheantar máguaird a bhaint amach. Is sa tslí sin go ndéantar pobail a chumasú, seilbh a ghlacadh ar an áit ina bhfuil siad agus ceannas a ghlacadh ar thodchaí na h-áite sin amach anseo.

Tá ról ag 'ceannairí áite' idir daoine agus eagraíochta, tacú le téamaí na Cairte agus obair as lámha a chéile na beartais sin a chur i bhfeidhm. Ní mór athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar threo agus ghníomh na n-eagraíochtaí leasmhara, gnóthaí áitiúla agus saoránaigh agus geallshealbhóirí ábhartha, astu araon a thagann an inniúlacht cuí.

D'fhonn a chinntiú go n-éireoidh le Gaillimh le himeacht ama, beidh orainn an tacaíocht a threisiú le chéile – ag leibhéal Náisiúnta, Réigiúnda agus Idirnáisiúnta – ar mhaithe le acmhainní airgid agus eile le haghaidh an infheistíochta talún agus spásanna poiblí, infrastructúr eacnamaíochta, tógáil chomh maith le polasaithe cuí pleanála, uirlisí comhfhobartha áite agus modhanna seachadadh.

Cuid C Dearbhú

TÁIMÍD Á DHEARBHÚ, atá sínithe thíos, ár dtacaíocht leis seo do **Phrionsabail agus do Mholtaí Chairt Mhórchearntar na Gaillimhe**. Dearbhaímid go gcuireann sé fíis an-láidir agus treoir fhóntha ar fáil maidir le forbairt Mhórchearntar na Gaillimhe sna blianta atá le teacht, ag feidhmiú mar uirlis chun cabhrú le rioscaí na ró-fhorbartha gan teorainn, brú na tráchtá, imeallú pobail nó aitheantais na áite a chailliúnt.

Molaimíd an Chairt seo do ionadaithe pobail agus ceannairí beartais stáit don phobal, do ghnólachtaí, do infheisteoirí agus do sholáthróirí seirbhísí na Gaillimhe agus, más cuí, do bhailte agus do chathracha eile mar an gcéanna ar fud na hÉireann..

Síniú

Ainm

Eagraíocht

Comhairle Cathrach na Gaillimhe

.....

Dáta

Ollscoil na Gaillimhe

.....

Dáta

Ollscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh

.....

Dáta

Cumann Tráchtála na Gaillimhe

.....

Dáta

Acadamh an Uirbeachais

.....

Dáta

Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann

.....

Dáta

Buíochas

Rinneadh Cairt Mhórchéantar na Gaillimhe a fhorbairt as comhfhiontar leathan ina raibh go leor páirteach ann, go háirithe ó na seisiúin a reáchtáladh i nGaillimh i rith Mí Dheireadh Fómhair na bliana 2022 agus Mí Aibreán na bliana 2023, mar aon le roinnt ionchuir a fuarthas ina dhiaidh sin.

Ba é Iar-Chathaoirleach AaU, Kevin Murray, a rinne an Chairt a dhréachtú, ag obair go dlúth leis an nGrúpa Stiúrtha - Mark Gantly, Emmet Humphreys, Peadar O hEidhin, Eoghan O'Loinsigh agus Antoin O'Roidigh.

Chuir Emmet Humphreys agus Emma Churchyard na grafaicí ar fáil.

Gabhtar buíochas ar leith do Wulf Daseking agus Philip Jackson, agus do gach éinne a thug cúnaimh nó a thug tacaíocht d'fhorbairt na Cairte.